C/2024/3514

31.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11522 — CERBERUS / VELOBANK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3514)

1. An 23 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cistí agus cuntais a bhainistíonn Cerberus Capital Management, L.P. agus a chleamhnaithe, nó a dtugann siad sainchomhairle ina leith ('Cerberus', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— VeloBank S.A. ('VeloBank', an Pholainn), atá faoi rialú údarás réitigh náisiúnta na Polainne, i.e. An Ciste Ráthaíochta Bainc ('CRB').

Gheobhaidh Cerberus rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar VeloBank ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháidí é Cerberus atá i mbun infheistíochtaí malartacha a thairiscint thar ardáin chomhlántacha a bhaineann le creidmheas, cothromas príobháideach agus réadmhaoin i dtionscail éagsúla ar fud an domhain. Cé nach cuid mhór de láimhdeachas Cerberus aon tionscal ar leith, ar na príomhearnálacha ina ngineann gnóthais arna rialú ag Cerberus láimhdeachas tá seirbhís airgeadais, monaraíocht, ábhair tógála, trádáil miondíola agus réadmhaoin.

— Is banc uilíoch é VeloBank a thairgeann táirgí i réimsí an airgeadais, an choigiltis agus na hinfheistíochta, mar aon le raon seirbhísí eile. Cuirtear ar fáil do chliaint iad trí chainéil éagsúla, lena n-áirítear brainsí bainc traidisiúnta agus ardán ar líne. Feidhmíonn a fhochuideachta, ProEkspert, gníomhaíochtaí idirghabhála árachais thar ceann roinnt cuideachtaí árachais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11522 — CERBERUS / VELOBANK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.